



Plean Urláir Gaeilge

Eolas Ginearálta

Tá saorchead isteach sa Mhúsaem.

Suíomh Gréasáin:
www.museum.ie

Uaireanta Poiblí:
Máirt Satharn, 10 5 tráthnóna.
Dé Domhnaigh 2-5 tráthnóna.
Dúnta ar an Luan (laethanta saoire bainc san áireamh)

Eolas Breise
Baile Átha Cliath -
T: 01 677 7444 Facs: 01 677 7450
R: marketing@museum.ie

Páirc Thurlaigh -
T: 094 903 1755; Facs: 094 903 1628
R: tpark@museum.ie

Seomra Cótaí
Tá seomra cótaí i ngach ceann de láithreacha an Mhúsaem. Seirbhís shaor in aisce í seo.

Páirceáil
Tá páirceáil saor in aisce ar fáil ag Dún Uí Choileáin agus ag Páirc Thurlaigh.

Siopaí an Mhúsaem
Suite i Sráid Chill Dara, i Sráid Mhuirfean, i nDún Uí Choileáin agus i bPáirc Thurlaigh. Gheofar i ngach ceann de shiopaí an Mhúsaem rogha uileaghabhálach leabhar, féiríní, nithe inspéise do leanaí, cártaí poist, seodra a coimisiúnaíodh go speisialta, ceirmeacht agus teicstílf. Ar oscailt le linn uaireanta oscailte an Mhúsaem.

Caiféanna an Mhúsaem
Suite i Sráid Chill Dara, i nDún Uí Choileáin agus i bPáirc Thurlaigh. Gheofar i gCaiféanna an Mhúsaem caifé, tae, pastaetha agus raon leathan ceapairí agus béilí blasta. Ar oscailt le linn uaireanta oscailte an Mhúsaem.

Slí isteach
Is féidir cathaoir rotha a thabhairt isteach in aon chuid de Dhún Uí Choileáin nó de Pháirc Thurlaigh. Sráid Chill Dara - Tá slí isteach do chathaoireacha rotha i dtaispeántais ar an mbunurlár, i siopa féiríní an Mhúsaem, i gCaifé agus i leithris an Mhúsaem. Sráid Mhuirfean - Tá slí isteach do chathaoireacha rotha i dtaispeántais ar an mbunurlár agus sna leithris.

Sábháilteacht Cuairteoirí
Is iad cúramóirí príomha atá freagrach as sábháilteacht leanaí faoina geúram fad atá siad ar cuairt in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Gheofar eolas breise ach an Beartas Cosanta Leanáí a fhéachaint, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin www.museum.ie

Seomraí Acmhainne Oideachais
Acmhainn í seo don phobal le gur féidir tuilleadh a fháil amach faoin Mhúsaem agus faoina bhailiúcháin. Soláthraítear ann spásanna gníomhaíochta agus taighde, leabhair, rochtain theoranta ar an Idirlíon ar cheithre cinn de ríomhairí, agus ábhar

inláimhsithe. Iarrtar ort teagmháil a dhéanamh leis na Ranna Oideachais agus For-rochtana.

Cláir Oideachais agus For-rochtana
Cuir eolas níos fearr ar bhailiúcháin an Mhúsaem tríd an gclár Oideachais agus For-rochtana, ar a n-áirítear Cainteanna sa Ghailearáí d'Aosaigh, imeachtaí buail isteach, scéalaíocht, léachtaí agus leathanaigh ghníomhaíochta.

Sonraí faoi Áirithintí
Eolas faoi Áirithintí i mBaile Átha Cliath
Iarrtar ort glao a chur ar an Roinn Oideachais agus For-rochtana maidir le háirithintí nó chun eolas breise a fháil ar imeachtaí i mBaile Átha Cliath.
T: 01 648 6453 Facs: 01 679 1025
R: education@museum.ie
Uaireanta na hOifige Áirithintí:
Luan - Aoine 10am - 2pm

Eolas faoi Áirithintí i bPáirc Thurlaigh
Iarrtar ort glao a chur ar an Roinn Oideachais agus For-rochtana maidir le háirithintí nó chun eolas breise a fháil ar imeachtaí i bPáirc Thurlaigh.
T: 094 90 31751 Facs: 094 90 31498
R: educationtph@museum.ie
Uaireanta na hOifige Áirithintí:
Luan - Aoine 10am - 2pm

Féilire Imeachtaí
Is féidir Féilire Imeachtaí an Mhúsaem a íoslódáil go ráithiúil ónár leathanach 'Fiosraigh agus Foghlaim'. Ba cheart do scoileanna agus do ghrúpaí ar mian leo cuairt a thabhairt ar an músaem teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Áirithintí.

Taispeántais Shealadacha
Gheofar eolas ar thaispeántais shealadacha atá ar siúl anois agus ar cinn atá beartaithe ónár Roinn Margaíochta.
T: 01 6486453 nó 1890 687386, folíne 453
R: marketing@museum.ie
www.museum.ie

Seirbhísí Corparáideacha
Tá raon éagsúil spásanna ar ardchaighdeán ar fáil sa Mhúsaem le haghaidh cruinnithe agus ócáidí príobháideacha. Tá seomraí de mhéideanna agus de fheistiú difriúla ar fáil a d'oirfeadh do suas le 100 duine ag dinnéar príobháideach nó suas le 200 ag fáiltiú ag a mbfionn deoch ar fáil. Gheofar eolas breise ón Roinn Margaíochta.
T: 01 6777 444 folíne 428 le haghaidh áirithintí.
R: events@museum.ie
www.museum.ie

museum

National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann


Natural History



PLEAN URLÁIR



AN CHÉAD URLÁR



BUNURLÁR


 Áit léitheoireachta

 An Crios Eolais/
Limistéar Oideachais

 Leithris agus áit friothála
ar leanaí

 Bealaí Éalaithe

 An fáiltiú



The National Museum of Ireland

- 1** Decorative Arts and History
Collins Barracks, Benburb Street, Dublin 7
- 2** Archaeology
Kildare Street, Dublin 2
- 3** Natural History
Merrion Street, Dublin 2
- 4** Country Life
Turlough Park, Castlebar, County Mayo





Gailearaithe Taispeántais

G An Bunurlár

Ainmnithe na hÉireann

Ainmhithe na hÉireann amháin atá ar an urlár seo, ag tosú le cnámharlaigh mhórthaibhseacha fhianna mór na mbeann, fia atá díofa anois. Ó am go chéile roinneadh na hainmhithe iontacha seo an tírdhreach ina mhair siad leis an mamat agus an hiána agus leis an gcapall.

Chuir an aimsir fhuar a bhuail Éire sa chéim dheiridh den oighearaois deireadh leis na mamaigh seo agus nílfanta ach cnámha dá gcuid, a fuarthas i bpluaiseanna nó i ndrúdar laistíos de na portaigh.

Nuair a d'éirigh an aeráid níos teo tháinig na hainmhithe eile a fheictear sa ghailearaí seo isteach sa tír.

Mamaigh Éireannacha atá sa chuid tosaigh den seomra. Bfionn an-tóir i gcónaí ar na grúpaí teaghlacha a rinne na seitheadóirí Éireannacha Williams and Son; ina measc tá broic, sionnaigh, cait chrainn agus madraí uisce.

Tá scéal ársa na hÉireann le léamh óna cuid carraigeacha. Tá iontaisí atá cúig chéad milliún bliain d'aois i measc na n-iontaisí atá sna cásanna i spásanna na bhfuinneog. Tá scéalta na n-aigéan, na ngaineamhlach agus na riasc guail ársa caomhnaithe sa chloch. Gheofar mianraí as a ndéantar ábhair a fhaightear i dtithe an lae inniu anseo, mar aon le geamchlocha agus carraigeacha de gach aois.

Ar na ballaí tá éin nach bhfaightear ach go hannamh anois in Éirinn nó nach bhfaightear anseo a thuilleadh. Bhí Co. Mhaigh Eo ar cheann de bheagán áiteanna ina bhfeictí an

tíolar Fíréan tráth, nó gur cuireadh tús le clár athbhunaithe céad bliain nó mar sin níos déanaí.

Oileán is ea Éire. Ainmhithe mara a fhaightear i gcuid mhaith den ghailearaí, lena n-áirítear an mola mola agus an liamhán gréine a thaitníonn go mór le daoine. Tá eiseamláirí de ghrúpaí éagsúla na n-ainmhithe inveirtebrach anseo – smugairlí róin, portáin, crosóga mara agus sliogéisc.

I measc na n-iasc abhann tá bradán fearna ón Life, nuair ba abhainn an-difriúil í, agus sular tháinig Baile Átha Cliath chun bheith ina mhórchathair. Fuarthas barreiseamal de bhreac ina raibh meáchan de 11.8 kilo sa bhliain 1894 ag Loch Ainninn, Co. na hIarmhí, agus is é atá sa phríomháit.

Ardaigh na cumhdaigh chosanta ar na cásanna ar chúil an tseomra go bhfeicfidh tú éagsúlacht na bhfeithidí Éireannacha. Tá treoir ann chomh maith a thaispeánfaidh duit conas gach speiceas a aithint agus conas gairdín fiadhúlra a dhéanamh. Faightear 16,000 speiceas d'fheithidí in Éirinn, rud a léiríonn éagsúlacht na n-ainmhithe sin. Is fearr is féidir monatóireacht a dhéanamh ar an timpeallacht de bharr an taighde a dhéanann musaeim ar scaipeadh feithidí.

Gheofar barrshamplaí de phortáin agus de ghliomaigh i measc na n-ainmhithe mara ar chúil an urláir seo. Má théann tú suas an staighre mór cloiche anois, tiocfaidh tú fad leis an gcéad urlár. Ba é seo an halla isteach sa Mhúsaem uair amháin nuair a tógadh an Músaem mar leathnú ar Theach Laighean.



1 An Chéad Urlár

Mamaigh an Domhain

Gheofar ar an bprómhurlár taispeántais an uile ainmhí ó ancán talún go séabra. Léiríonn siad éagsúlacht as cuimse na mamach a mhaireann i ngach aird den phláinéad ó bhéar bán an Artaigh go dtí an srónbheannach Indiach. Tá fianaise ar gach cineál ainmhí anseo, ó na sealgairí agus na hainmhithe seilgte a fhaightear ar shabhána na hAfraice go marsúipiaigh púitseacha na hAstráile.

Tá na mamaigh ar an urlár seo roinnte ina ngrúpaí ainmhithe. Sa chéad áit tá na marsúipiaigh, lena n-áirítear na cangarúnna agus an tlicín atá díofa. Ina measc tá mamaigh a bhfuil scálaí orthu (paingilíní), spíonáí (eicidnigh) agus iadsan a bheireann uibheacha (platapais).

Tá deilfeanna ar taispeáint i gcásanna ach is mó go mór cnámharlaigh a ngaolta atá ar crochadh ón díon. Tá an droimeiteach 20 méadar ar fad, agus é crochta os cionn cnámharlach níos lú de mhíol mór dronnach.

Tá níos mó ná speiceas amháin den srónbheannach sa mhúsaem, agus tá cuid de na speicis sin i mbaol mór anois.

Suiteáladh an sioraf sa bhliain 2003 mar chuid de chlár leanúnach athchóirithe. Díol suntais is ea a neasghaol, an t-ócapaí, créatur cúthaileach foraoise nár thángthas air go dtí an 20ú haois.

I mbailiúchán éan Barrington ar an mballa ó thuaidh feicfidh tú líon mór éan a bhuaíl faoi thithe solais Éireannacha, agus a thug na chéad samplaí den imirce timpeall an chósta dúinn.

Tá dath dubh ar chraiceann na mamach is mó mar gur úsáid seitheadóirí ola chun nach scoilteadh an chraiceann tiubh. Sampla de sin is ea an eilifint. Tá méchan 80 kilo sa torca mór, a chuireann i gcuimhne dúinn an tóir a bhí riamh ag trádáilithe eabhair ar na hainmhithe seo.

Feoiliteoirí a fheictear ina dhiaidh sin, ón tíogar a lámhaigh rí go dtí an béar bán a lámhaigh an taiscéalaí Éireannach, Leopold McClintock. Fianaise ar an mbia a itheann siad is ea a gcuid fiacla. Cuir fiacla géara na bhfeoiliteoirí i gcomórtas le fiacla cnaí na gcreimirí in aice láimhe.

Ag deireadh do thurais feicfidh tú na príomhaigh – léamair, moncathie agus ápaí. Féach a bhfuil i bpáirt againn leo – súile chun tosaigh agus lámha ar féidir leo greim a bhreith ar rudaí – príomhaigh atá ionainne chomh maith.